# Treoir maidir le Seachtain Feasachta Seas an Fód

4–8 Samhain 2024

Belong To LGBTQ+ Youth Ireland



“Is deis iontach don scoil ar fad í Seachtain Feasachta Seas an Fód uileghabhálacht agus éagsúlacht a cheiliúradh agus tacú leo. Ba chóir go mbeadh na prionsabail seo ag croílár gach scoile. Mura nglactar leis is deis é a cailleadh mar go gcuireann sé ar chumas na foirne agus na ndaltaí araon machnamh a dhéanamh ar a ndearcadh agus ar a gcleachtais.”

— Nicola Farrelly, Ardscoil Rís, Dublin

**Táimid buíoch díobh sin a rinne maoiniú ar Sheachtain Feasachta Seas an Fód:**

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
pobal government supporting communities
National Lottery
HSBC

**Faigheann Seachtain Feasachta Seas an Fód tacaíocht ó:**

ASTI A century of service
TUI
ACCS
etbi Education & Training Boards Ireland
IGC Institute of Guidance Counsellors
ISSU Irish Second-Level Students' Union
JMB Joint Managerial Body For School Management in Voluntary Secondary School
NAPD
Educate Together
NYCI National Youth Council of Ireland
Youth Work Ireland
foróige
Youth Theatre Ireland

**Belong To**
**13 Parliament St**
**Dublin 2, D02 P658**

**info@belongto.org**
**www.belongto.org**
**01 670 6223**

**Belong To is a registered charity in the Republic of Ireland**
**Registered Charity Number: 20059798. ©Belong To, 2024**

# Fáilte

Tá tuilleadh daoine ag teacht le chéile gach aon bhliain chun tacú le daoine óga LADTA+ agus iad ag eagrú Sheachtain Feasachta Seas an Fód i scoileanna, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí óige fud fad na hÉireann.

Tá muidne anseo in Belong To, LADTA+ Óige Éireann, an-bhródúil a fheiceáil go bhfuil pobail ar fud na tíre ina mbraitheann daoine óga LADTA+ go bhfuil siad á gcosaint agus go bhfuil meas ar cé hiad féin. Míle buíochas le gach duine agaibh as é seo a dhéanamh!

Is í an bhliain seo an 15ú bliain a bhfuil an feachtas bliantúil seo ar siúl – 15 bliana ina mbraitheann daoine óga LADTA+ i ngach cineál suímh go bhfuil siad feiceálach agus go bhfuil siad san áireamh.

Mar sin féin, níl an obair críochnaithe. Leagann ár dtaighde a foilsíodh le déanaí, *Being LADTAI+ in Ireland*,[1] a rinne Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an comhthéacs do Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Léirigh torthaí an taighde, nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis an bpobal óg i gcoitinne, go bhfuil a thrí oiread de na daoine LADTA+ in Éirinn sa lá atá inniu ann ag fulaingt mórchomharthaí nó fíor-mhórchomharthaí dúlagair agus imní, go bhfuil a thrí oiread níos mó acu ag déanamh féindochair, agus cúig oiread níos mó ag déanamh iarracht lámh a chur ina mbás féin.

Scéal coscrach atá sna torthaí, ach tá roinnt rudaí dearfacha le baint as an taighde; go háirithe, an tábhacht a bhaineann le spásanna sábháilte a chruthú do dhaoine óga, spásanna ina mbraitheann siad go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuiltear á gcuimsiú.


Ón 4-8 Samhain, tiocfaidh pobail as scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige le chéile arís d'fhonn tús áite a thabhairt do chuimsiú agus do shábháilteacht na ndaoine LADTA+, agus chun na féiniúlachtaí LADTA+ a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt dóibh.

Is deis atá i Seachtain Feasachta Seas an Fód chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht homafóbach, dhéfóbach agus thrasfóbach a laghdú, agus tuilleadh cairdis a chothú idir daltaí eile agus na daltaí LADTA+ agus cur leis an méid tacaíochta a thugann siad dóibh.

Táimid bródúil go bhfuil maoiniú agus tacaíocht tugtha leis na blianta ag an Roinn Oideachais don tSeachtain Feasachta Seas an Fód. Gealltar sa phlean gníomhaíochta náisiúnta ar bhulaíocht, *Cineáltas*, go dtabharfaidh an Roinn tacaíocht leanúnach do Sheachtain Feasachta Seas an Fód.[2] Aithnítear sa phlean freisin an tábhacht a bhaineann le heolas atá oiriúnach don aois a chur ar fáil maidir le féiniúlachtaí LADTA+ mar gur bealach atá ann leis an mbulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi, agus tá sé seo á chur ar fáil againn duit trínár mol oideachais ar líne ag **www.belongto.org**.

Leagtar amach sa treoir seo eolas faoin gcaoi le Seachtain Feasachta Seas an Fód a eagrú i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige, chomh maith le foghlaim faoi theanga agus téarmaíochtaí LADTA+, agus scagadh a dhéanamh ar lear mór smaointe maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh i mí na Samhna.

Is é téama na bliana seo do Sheachtain Feasachta Seas an Fód ná 'An Fód a Sheasamh inár bPobail'. Chun fíor-chuimsiú LADTA+ a bhaint amach agus idirdhealú agus bulaíocht a laghdú, teastaíonn freagairt ón bpobal ar fad. Tá sé tábhachtach go bhfáilteodh gach duine againn, i ngach réimse den saol, roimh dhaoine óga LADTA+. Idir an rialtas áitiúil agus ár bpobail spóirt agus chultúir – is féidir linn go léir teacht le chéile agus a bheith ag obair ar mhaithe le pobail níos cuimsithí a chruthú a dhéanann daoine LADTA+ a cheiliúradh.




Is féidir treoir agus comhairle bhreise a fháil san acmhainn *Being LGBT in School*, a d'fhoilsigh GLEN agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.[3] Cuireann *Being LADT in School* treoir ar fáil d'fhoireann na scoile faoin gcaoi le tacú le daltaí LADTA+ i réimsí tábhachtacha éagsúla. Is féidir leat an acmhainn a íoslódáil ónár mol oideachais ar líne.

Táimid buíoch de gach scoil, seirbhís óige agus ionad Ógtheagmhála a ghlacann páirt in Belong to do Sheachtain Feasachta Seas an Fód agus a thagann le chéile chun Éire níos sábháilte a chruthú do dhaoine óga LADTA+.



**Moninne Griffith (sí/í)**
**CEO, Belong To** - LADTA+ Youth Ireland



# 01 Seachtain Feasachta Seas an Fód



## Céard atá i gceist le Seachtain Feasachta Seas an Fód?

Is seachtain náisiúnta frithbhulaíochta de chuid LADTA+ í Seachtain Feasachta Seas an Fód a reáchtáiltear i scoileanna iar-bhunscoile, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí óige ar fud na hÉireann gach Samhain.

Táimid bródúil as bheith tagtha go dtí an 15ú bliain de Sheachtain Feasachta Seas an Fód a bheith á reáchtáil, agus gur tháinig ardú seasta, bliain i ndiaidh bliana, ar líon na ndaoine óga a bhíonn páirteach. Deis atá i Seachtain Feasachta Seas an Fód le ceiliúradh a dhéanamh ar an dream óg LADTA+ agus an t-éagsúlacht ar fad a bhaineann leo agus teacht le chéile chun tacú le daoine óga LADTA+. Aithníonn an feachtas freisin an dochar a dhéanann an bhulaíocht frith-LADTA+, agus léiríonn sé go soiléir do dhaoine óga go bhfuil an t-iompar seo tromchúiseach agus nach féidir glacadh leis.

Le linn Sheachtain Feasachta ‘Seas an Fód’, foghlaimíonn daoine óga LADTA+ agus a gcomhghuaillithe faoi fhéiniúlachtaí LADTA+, glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta LADTA+, agus tagann siad le chéile chun timpeallacht shábháilte thacúil a chruthú do gach duine óg.

### Cuspóirí Sheachtain Feasachta Seas an Fód

Agus Seachtain Feasachta Seas an Fód á pleanáil agat i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige, d’fhéadfadh go gcabhródh sé príomhchuspóirí an fheachtais a choinneáil i gcuimhne:

- Cuir leis an gcairdeas agus an tacaíocht a léiríonn daltaí eile do dhaltaí LADTA+.
- Cuir leis an tuiscint atá ag na daltaí eile, ag na múinteoirí, príomhoidí agus pobal na scoile ar fad ar dhaltaí LADTA+.
- Cuir leis an meas atá ar éagsúlacht na ndalaí LADTA+ agus ar a bhféiniúlacht.
- Cuir leis an seans atá ann go n-inseoidh daltaí LADTA+ faoi bhulaíocht.

Nuair a bheidh tú i mbun smaointeoireachta agus ag pleanáil gníomhaíochtaí do Sheachtain Feasachta Seas an Fód, d’fhéadfadh go gcabhródh sé leat dá bhfiafrófá díot féin cén ceann de na cuspóirí seo a d’fhéadfaí a bhaint amach le gach gníomhaíocht. Mar shampla, dá n-iarrfaí ar dhaltaí oibriú as lámh a chéile chun múrphictiúr nó clár fógraí a chruthú d’fhéadfadh gur bealach éifeachtach a bheadh ann chun cur leis an gcairdeas agus an tacaíocht a léiríonn na daoine óga eile do dhaoine óga LADTA+. Dá ndéanfaí plé ranga ar an drochthionchar a bhíonn ag an mbulaíocht homafóbach LADTA+ agus dá leagfaí béim ar chomh dáiríre agus atá do scoil nó do sheirbhís faoi nach nglacfar beag ná mór le bulaíocht, is mó seans atá ann go labhróidh daoine óga LADTA+ amach má tharlaíonn mí-iompar den chineál seo.

Cuir na cuspóirí seo ar a súile do gach ball foirne agus do gach duine óg ag tús Sheachtain Feasachta Seas an Fód, agus leag béim orthu le linn na seachtaine, ionas go mbeidh gach duine soiléir faoina bhfuil sibh ag iarraidh a bhaint amach.

Cabhraíonn sé má scaiptear suirbhéanna gan ainm leo roimh agus i ndiaidh Sheachtain Feasachta Seas an Fód chun a fháil amach an bhfuil na cuspóirí sin curtha i gcrích agaibh. Féach ar ár mol oideachais ar líne le haghaidh suirbhéanna samplacha a d’fhéadfá a chur in oiriúint agus a úsáid i do shuíomh féin, chomh maith le go leor acmhainní eile a bheidh tú in ann a úsáid mar ghníomhaíochtaí Sheachtain Feasachta Seas an Fód ➔.

### Acmhainní Breise do Sheachtain Feasachta Seas an Fód

Chomh maith leis an treoir seo, tá roinnt acmhainní breise ar fáil ar líne chun tacú le Seachtain Feasachta Seas an Fód, lena n-áirítear:

- Treoir Céim ar Chéim maidir le Seachtain Feasachta Seas an Fód a eagrú
- Teanga agus Téarmaíocht
- Comhghuaillíocht i bhFeidhm
- Gníomhaíochtaí agus gníomhartha do Sheachtain Feasachta Seas an Fód.

Is féidir teacht ar na hacmhainní seo agus tuilleadh ag **www.belongto.org**

Má fheiceann tú an deilbhín seo ➔ in áit ar bith sa treoir, ciallaíonn sé go mbeidh tú in ann, ar ár suíomh gréasáin, teacht ar acmhainní breise a fhéadfaidh tú a úsáid, agus ina dtugtar tuilleadh eolais faoi na hábhair seo.

# Cén fáth ar gá dúinn spásanna cuimsitheacha LADTA+ a chruthú

## An Chúis gur gá Dúinn an Fód a Sheasamh

Le breis agus deich mbliana anuas tá dul chun cinn suntasach déanta againn i dtreo an chomhionannais do dhaoine LADTA+ in Éirinn. Sa spás oideachais go háirithe, tá obair shuntasach déanta d'fhonn a chinntiú go mbíonn daltaí LADTA+ sábháilte agus go dtugtar tacaíocht dóibh i scoileanna ar fud na hÉireann.

Léiríonn an taighde inár *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile* nár múineadh OSPS, ar bhealach a bhí ionadaíoch ar fhéiniúlachtaí LADTA+[4], ach do 35% de dhaltaí LADTA+ sa bhliain acadúil 2021/22. Tarraingíodh aird freisin, in athbhreithniú ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a foilsíodh in 2019[5], ar nach bhfuil féiniúlachtaí LADTA+ mar chuid den churaclam. Fuarthas amach san athbhreithniú gurb é an easpa ionadaíochta ar fhéiniúlachtaí LADTA+ sa churaclam an t-ábhar ba thábhachtaí ar leag daoine óga béim air, agus luaigh tuismitheoirí agus foireann na scoile go minic é.

Mar fhreagra air sin, san athfhorbairt ar an gcuraclaim OSPS don tSraith Shóisearach agus Shinsearach cuirtear féiniúlachtaí LADTA+ san áireamh i roinnt réimsí, lena n-áirítear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) agus sa teagasc maidir le tuiscint na ndaltaí orthu féin agus ar dhaoine eile.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais *Bí Cineálta* le déanaí. Is nuashonrú é seo ar na Beartais agus Gnásanna Frithbhulaíochta 2013 do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.[6] Sna nósanna imeachta nua coinnítear an ceanglas go mbeadh sonraí i dtaobh straitéisí sonracha coiscthe i dtaca le bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach i ngach polasaí frithbhulaíochta scoile. Liostaíonn an Roinn Oideachais an tSeachtain Feasachta Seas an Fód i measc na n-acmhainní atá ar fáil d'iar-bhunscoileanna ionas gur féidir leo na riachtanais a bhaineann le *Bí Cineálta* a chur i bhfeidhm, mar a bhaineann le dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.[7]

Mar atá mínithe sna míreanna seo a leanas, tá an dul chun cinn seo thar a bheith tábhachtach ó thaobh aire a thabhairt do mheabhairshláinte agus d'fholláine na ndaoine óga LADTA+ le linn na mblianta a chaitheann siad ar scoil.

Ar an drochuair, mar thoradh ar an dul chun cinn atá déanta, bhí an t-oideachas ina phríomhúdar conspóide do ghníomhaithe frith-LADTA+ le blianta anuas, agus bhí iarrachtaí comhordaithe á ndéanamh teorainn a chur le feiceálacht agus le cuimsiú na ndaoine LADTA+ i scoileanna na hÉireann. Chuaigh an ghníomhaíocht seo chomh fada lenár bpobail freisin, nuair a dhírigh an dream atá i gcoinne LADTA+ ar leabharlanna agus nuair ab éigean do cheiliúrthaí Bród áitiúla déileáil le bagairtí tromchúiseacha slándála.

Is cuid de ghluaiseacht dhomhanda atá in éadan chearta an duine atá sa ngníomhaíocht a chuireann i gcoinne go gcuimseofaí daoine LADTA+ inár scoileanna agus inár bpobail agus seift atá ann lenár n-aird a bhaint ón misean coiteann atá againn, is é sin Éire a chruthú ina mbeadh gach duine óg LADTA+ comhionann, sábháilte agus ag bláthú. Sa chomhthéacs sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh muid réamhghníomhach agus feiceálach ó thaobh spásanna a chruthú ina mbeidh rochtain ag daltaí LADTA+ ar spásanna ina mbraitheann siad go bhfuil meas orthu, go dtacaítear leo agus go bhfuil sé sábháilte acu iad féin a chur in iúl.



## Ag Teacht Amach mar dhuine LADTA+

Tá sé dúshlánach a bheith i do dhuine LADTA+ go háirithe mura bhfuil daoine eile curtha ar a eolas faoina ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne. I gcás daoine óga LADTA+, is minic nuair a fhaigheann siad amach faoina bhféiniúlacht agus nuair a thosaíonn siad ag glacadh leis, go mothaíonn siad scoite amach, go mbíonn faitíos orthu nach nglacfar leo agus go mbíonn siad trína chéile. Ní bhraitheann go leor daoine óga LADTA+ go bhfuil sé sábháilte teacht amach, ná a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne a phlé leis na daoine atá gar dóibh. Má dhéanann tú do scoil, d'ionad Ógtheagmhála, nó do sheirbhís óige LADTA+ cuimsitheach, is féidir le daoine óga LADTA+ tearmann a fháil ó strus agus ó imní i spás atá sábháilte agus tacúil.

Léiríonn taighde a rinneadh in Éirinn gur thug idir 6-10% de dhaoine óga le fios go bhfuil siad LADTA+,8 rud a chiallaíonn go bhfuil gach seans ann go mbeidh tú ag obair le duine óg LADTA+ amháin ar a laghad i do sheomra ranga nó i do ghrúpa óige, ach nach féidir a bheith cinnte an bhfuil nó nach bhfuil siad tar éis teacht amach faoina bhféiniúlacht LADTA+.


Léiríonn an taighde a bhí déanta le haghaidh *Being LADTAI+ in Ireland* a foilsíodh in 2024, gurb í an aois is coitianta ag a bhfaigheann daoine idir 14-25 bliain d'aois in Éirinn sa lá atá inniu ann amach faoina bhféiniúlacht LADTA+ ná dhá bhliain déag d'aois.[1] Is í an aois is coitianta ag n-insíonn an grúpa seo do dhuine éigin eile den chéad uair faoina bhféiniúlacht LADTA+, nó a 'dtagann siad amach', ná 14. I measc daoine LADTA+ idir 14-25 bliain d'aois in Éirinn, ba ag aois 14 bliana ba mhinice a smaoinigh siad ar fhéindochar a dhéanamh nó ar lámh a chur ina mbás féin. Ba í an aois ba choitianta ag a ndearna an grúpa seo iarracht lámh a chur ina mbás féin ná 16 bliana d'aois.

Cé go mbíonn deacrachtaí ag go leor daoine lena meabhairshláinte agus lena bhfolláine le linn dóibh a bheith sna déaga, léiríonn an taighde *Being LADTAI+ in Ireland* go mbíonn, nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis an daonra óg i gcoitinne in Éirinn, a thrí oiread seans ann go mbeadh drochdhúlagar/ imní nó fíor-dhrochdhúlagar/ imní ag cur as do dhaoine óga LADTAI+ atá idir 14 agus 18, go bhfuil ráta féindochair 3 huaire níos airde acu, go bhfuil a dhá oiread de sheans go mbeidís ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin, agus go bhfuil ráta 5 oiread níos airde acu mar a bhaineann le hiarrachtaí lámh a chur ina mbás féin.[1]

Le linn shaol na ndaoine LADTAI+, fuarthas amach sa taighde freisin go raibh baint ag bulaíocht a bheith déanta le fadhbanna meabhairshláinte agus folláine. De réir na staitisticí léirigh daoine LADTAI+ a ndearnadh bulaíocht orthu i bhfad níos mó de na comharthaí a bhaineann le dúlagar, imní agus strus; bhí rátaí níos airde acu ó thaobh féindochair, smaointe faoi lámh a chur ina mbás féin, iarrachtaí iad féin a mharú agus neamhoird itheacháin; agus bhí scóir níos ísle acu mar a bhain le sonas, féinmheas agus teacht aniar.[1]

## Meabhairshláinte Daoine Óga LADTA+

**Tréimhse ina dtarlaíonn athrú ollmhór agus féinfhollasú do dhaoine óga ó thaobh scoile, cairdeas piaraí, agus caidrimh rómánsúla de:**



# Teideal: An Tionchar a bhíonn ag an Ionchuimsiú LADTA+

## Eispéiris Scoile na nDaoine Óga LADTA+

In 2022, labhair muid le 1,208 dalta dara leibhéal LADTA+ atá ina gcónaí in Éirinn mar chuid dár *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile* le hOllscoil Columbia.[4] Léiríonn ár dtaighde gur mhothaigh 76% de dhaltaí LADTA+ nach raibh siad sábháilte ar scoil sa scoilbhliain 2021-2022. Thuairiscigh 69% de dhaltaí LADTA+ gur chuala siad daltaí eile ag déanamh ráitis homafóbacha, agus chuir 58% de dhaltaí iar-bhunscoile LADTA+ in iúl gur chuala siad ráiteas homafóbach ó mhúinteoir nó ó bhall d'fhoireann na scoile.

Faraor, bíonn bulaíocht á déanamh ar go leor daoine óga ag pointe éigin ina saol scoile. Léiríonn taighde, áfach, go bhfuil i bhfad níos mó seans ann go ndéanfar bulaíocht ar scoil ar dhaoine óga LADTA+ ná mar atá i gcás a bpiaraí neamh-LADTA+.[4]

Tá sé ríthábhachtach go gcruthódh na seirbhísí oideachais agus óige timpeallacht inar féidir le gach duine óg a bheith ar a suaimhneas agus dílis dóibh féin, ina mbraitheann siad go bhfuil fáilte rompu, go ndéantar iad a cheiliúradh, go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil tacaíocht ann dóibh. I gcás roinnt daoine óga LADTA+, b'fhéidir gurb é seo an t-aon spás sábháilte atá acu chun a bheith ar a suaimhneas, a bheith compordach ina bhféiniúlacht, agus a bheith dílis dóibh féin.

**I measc na ndaltaí LADTA+ dara leibhéal in Éirinn:**

Mothaíonn **76%** díobh nach bhfuil siad sábháilte ar scoil

Chuala **69%** díobh ráitis homafóbacha ó mhic léinn eile

Níl **duine as gach deichniúr** cinnte an gcríochnóidh siad an Ardteistiméireacht

Bhí **86%** fágtha amach d'aon ghnó ag piaraí

Chaill **triúr as gach deichniúr** lá scoile amháin ar a laghad le mí anuas toisc gur mhothaigh siad nach raibh siad sábháilte, nó de bharr iad a bheith míchompordach

Chuala **58%** díobh ball d'fhoireann na scoile ag déanamh ráiteas homafóbach[5]

**I gcomparáid le gnáthphobal óige na hÉireann, i gcás dhaltaí LADTA+ tá:**

| | |
|---|---|
| **4 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad uaigneach ar scoil |
| **3 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad nach dtaitníonn siad leis na daltaí eile |
| **3 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad coimhthíoch ar scoil |
| **tá dhá** | oiread níos mó seans ann go mbeidh sé ag dul rite leo cairde a dhéanamh ar scoil[6] |

## Fachtóirí Cosanta agus Scoileanna Cuimsitheacha LADTA

Cé go bhfuil go leor dúshlán roimh óige LADTA+, tá roinnt nithe a d'fhéadfadh baill foirne aonair, agus a scoil, a n-ionad Ógtheagmhála nó a seirbhís óige, a dhéanamh chun tacú le daoine óga LADTA+.

### Foireann Thacúil

Bhí áthas orainn a fheiceáil inár *Suirbhé Atmaisféar Scoile 2022* go raibh leath de na daltaí LADTA+ in ann deichniúr ball foirne scoile nó níos mó a ainmniú a thacaíonn le féiniúlachtaí LADTA+.[4] Ina theannta sin, d'fhéadfadh 99% de dhaltaí LADTA+ in Éirinn a rá go raibh ar a laghad ball foirne scoile amháin a thacaíonn le daltaí LADTA+. Léiríonn ár dtorthaí má fhaigheann daltaí LADTA+ go leor tacaíocht ón bhfoireann maidir lena féiniúlachtaí LADTA+:

- Gur mó seans go nglacfadh na daltaí eile i gcoitinne leo.
- Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.
- Nach gcaillfeadh daltaí LADTA+ laethanta scoile mar gheall ar shábháilteacht ar scoil.

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód do gach ball foirne i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige a bheith le feiceáil agus iad ag tacú leis an bpobal LADTA+. Tugann treoir acmhainne na Roinne Oideachais atá mar chuid de na nósanna frithbhulaíochta sa leagan nua de *Bí Cineálta* aitheantas do Sheachtain Feasachta Seas an Fód mar bhealach chun bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a chosc i scoileanna.[7]

Má ghlacann baill foirne páirt in imeachtaí Sheachtain Feasachta Seas an Fód, agus bratach bheag Bród á taispeáint acu ina seomra ranga, nó greamán tuar ceatha curtha ar ríomhaire glúine nó ar tháibléad acu, is bealaí caolchúiseacha ach fiúntacha iad chun a dtacaíocht a léiriú.



### Curaclam Cuimsitheach

Fuarthas amach i *Suirbhé Atmaisféar Scoile* 2022 nár múineadh aon rud faoi thopaicí LADTA+ sa scoilbhliain 2021-2022 do dhaltaí LADTA+, agus nach bhfuair ach 35% díobh OSPS a raibh LADTA+ ina chuid de. Mar sin féin, bhraith daltaí LADTA+ ar múineadh topaicí faoi LADTA+ dóibh, go raibh níos mó glacadh leo ina scoil, agus ba lú seans go gcaillfeadh siad laethanta scoile mar gheall ar nár bhraith siad sábháilte.[4]

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód chun do chomhghleacaithe a spreagadh le ceachtanna dírithe ar thopaicí LADTA+ a mhúineadh. Féach ar ár mol oideachais ar líne chun treoir a fháil maidir leis an gcaoi chun é seo a chomhtháthú i gceacht sna 14 ábhar a bhaineann leis an tSraith Shóisearach, ó Staidéar Gnó go Tíreolaíocht agus Ceol ➔.

### Idirghabhálacha Foirne

Léiríonn taighde go ndéanann bulaíocht a bhíonn bunaithe ar fhéiniúlacht, lena n-áirítear bulaíocht a bhaineann le féiniúlacht LADTA+ an duine, dochar ar leith dá bhfolláine. Má chuireann baill foirne a ladar isteach nuair a úsáidtear teanga nó ráitis LADTA+fhóibeach is bealach an-tábhachtach é don fhoireann le timpeallacht chuimsitheach agus shábháilte a chruthú do dhaoine óga LADTA+.

Fuarthas amach le linn ár dtaighde *Suirbhé Atmaisféar Scoile* amach gur chuala 69% de na daltaí LADTA+ ráitis homafóbacha ó dhaltaí eile.[4] Nuair a chuir foireann na scoile a ladar isteach áfach, tar éis dóibh ráitis homafóbacha a chloisteáil ag dul thart, ba léir:

- Gur mó seans go nglacfadh na daltaí eile i gcoitinne leo.
- Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.
- Nach gcaillfeadh daltaí LADTA+ laethanta scoile mar gheall ar shábháilteacht ar scoil.

Féach ar ár mol oideachais ar líne chun a fháil amach faoin gcaoi a bhféadfá comhoibriú le do chomhghleacaithe chun próiseas a aontú mar fhreagairt ar an teanga fhóibeach i leith daoine LADTA+, í a thaifeadadh agus a thuairisciú. Mar chuid den ullmhúcháin do Sheachtain Feasachta Seas an Fód, nach bhféadfá do chomhghleacaithe a spreagadh leis an modúl oiliúna ríomhfhoghlama saor in aisce atá againn 'Scoileanna Cuimsitheacha LADTA+ agus Seirbhísí Óige a Chruthú' a dhéanamh. Nuair a bheidh siad críochnaithe, d'fhéadfadh an fhoireann a dteastais a thaispeáint ar dhoirse an tseomra ranga mar bhealach eile chun a dtiomantas maidir le hionchuimsiú na ndaltaí LADTA+ a léiriú ➔!




02

# An Fód a Sheasamh inár bPobail – Seachtain Feasachta Seas an Fód Téama 2024




Do Sheachtain Feasachta Seas an Fód na bliana seo, táimid ag díriú ar ghníomhartha áitiúla chun tacaíocht a léiriú don phobal LADTA+. Tá nasc idir an téama seo agus ceann de na cuspóirí ar leith atá againn don fheachtas – feabhas a chur ar an tuiscint atá ag daltaí eile, múinteoirí, príomhoidí agus daoine eile i mórphobal na scoile ar dhaltaí LADTA+. Léiríonn an taighde *Being LADTA+ in Ireland*, a foilsíodh le déanaí, an tábhacht a bhaineann le grúpaí pobail agus le spásanna pobail ó thaobh deis a thabhairt do dhaoine LADTA+ muintearas a chothú agus a bheith in ann glacadh leo féin, rud a chuireann lena meabhairshláinte agus lena bhfolláine trí chéile.[1]

Le 15 bliana anuas, thug scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála faoi deara an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an rannpháirtíocht i Seachtain Feasachta Seas an Fód ar dhaoine óga LADTA+ agus ar a bpiaraí. Teastaíonn uainn anois an chumhacht a thabhairt do dhaoine óga gníomhú chun cabhrú le timpeallachtaí atá sábháilte agus tacúil a chruthú lasmuigh de na suíomhanna seo, ina bpobail áitiúla.

Tá sé tábhachtach go mbeadh páirt ghníomhach ag daoine óga laistigh de na pobail sna cinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol, mar a leagtar amach sa bhfoilseachán de chuid Tusla *Child and Youth Participation Strategy 2019-2023*.[9] Is iomaí buntáiste a bhaineann le daoine óga a bheith páirteach sa phobal, lena n-áirítear cinnteoireacht níos fearr, forbairt scileanna, dearcthaí a athrú agus an fhorbairt phearsanta a fheabhsú. Ós rud é gur saineolaithe iad na daoine óga taobh istigh dá saol féin agus dá dtaithí féin,10 má bhíonn daoine óga rannpháirteach go fadtéarmach d'fhéadfadh sochaí níos eolasaí a bheith mar thoradh air, sochaí a chuirfear ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.

## Cad is pobal ann?

Nuair a smaoinímid ar ár bpobal, b'fhéidir gurb é an chéad rud a rithfeadh linn ná an tsráid, an eastát nó an baile ina bhfuil cónaí orainn. I ndáiríre, tá cónaí orainn go léir i bpobail éagsúla ar leith atá cosúil le chéile ag an am céanna, agus tá an rud céanna fíor i gcás na ndaoine óga.

Is éard is pobal ann ná grúpa daoine a bhfuil an fhéiniúlacht, an cultúr nó na hábhair spéise chéanna acu, agus is iomaí cineál pobail atá ann. D'fhéadfadh go mbraithfeadh an cineál pobail ina bhfuil cónaí orainn, chomh maith leis an gcaoi a dtéimid i ngleic leis, ar roinnt gnéithe éagsúla. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh níos mó plé ag daoine óga le pobail ar líne agus d'fhéadfadh go mbeidís ag brath níos mó ar thacaíocht ó na pobail seo de réir mar a théann siad isteach sna déaga.

Spásanna ilghnéitheacha atá sna pobail agus cuimsíonn siad daoine ó gach réimse den saol. D'fhéadfadh go mbeadh daoine óga ina mbaill de phobal spóirt, cosúil le foireann camógaíochta nó club sacair, nó páirteach i ngrúpa óige nó i bpobal ceoil. B'fhéidir go mbeidís ag an am céanna ina mbaill de phobal reiligiúnach nó de phobal bunaithe ar chreideamh, de phobal eitneach nó de phobal mionteanga, nó taobh istigh de ghrúpa ina bhfuil daoine faoi mhíchumas. Agus ansin, ar ndóigh, tá an pobal LADTA+ ann freisin.

Ar ndóigh, níl aon cheann de na grúpaí seo neamhspleách ar a chéile. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh duine óg a bheith ina imreoir cispheile díograiseach atá ina chónaí i gceantar Gaeltachta agus é ag freastal ar an scoil chéanna le duine óg eile atá i measc lucht leanúna Taylor Swift, a sheinneann giotár agus a úsáideann cathaoir rothaí. Beidh go leor ciorcail ann ina mbuailfidh an bheirt ógánach seo le chéile, agus go leor eile fós nach gcasfar ar a chéile iad iontu ar chor ar bith. In Belong To, ba mhaith linn tacú le daoine óga sna pobail éagsúla ar fad ionas go gcabhróidh siad lena bpiaraí LADTA+ aireachtáil go bhfuil siad sábháilte agus sa chaoi go gcreidfidh siad go bhfuil fáilte rompu.

# Cén fáth a bhfuil an pobal tábhachtach?

Is gné bhunúsach d'fholláine an duine é, beag beann ar a aois, go mbraithfeadh sé sa mbaile taobh istigh den phobal agus d'fhéadfadh go bhfuil sé seo níos tábhachtaí fós i gcás daoine óga.[11] Mar dhaoine sóisialta, is cuid lárnach dínn an fonn go mbeadh muid mar chuid de ghrúpa, de theaghlach agus de phobal. Ar an taobh eile den scéal, má thugtar le fios dúinn nach mbaineann muid leis an bpobal d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar ár bhfolláine.

Tá sé tábhachtach nach mbraithfidh daoine go bhfuil siad á gcoinneáil amach as na spásanna seo díreach mar gheall ar cé hiad féin, bíodh sin toisc gur daoine LADTA+ atá iontu nó mar gheall ar ghné éigin eile dá bhféiniúlacht. Léiríonn taighde go bhféadfadh go mbeadh daoine óga LADTA+ atá páirteach i bpobail áitiúla nach bhfuil báúil le daoine LADTA+ a bheith ag aireachtáil an-leochaileach agus scoite amach.[11]

Fuarthas amach sa *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile* 2022 a d'fhoilsigh Teacher's College, Ollscoil Columbia agus Belong To, gur féidir le spásanna cuimsitheacha laistigh de phobal na scoile tionchar dearfach a imirt tríd is tríd ar fholláine an duine óig.[4] Nuair is léir go mbíonn tionchar dearfach ag spásanna cuimsitheacha ar mheabhairshláinte na ndaoine óga laistigh de thimpeallacht na scoile, b'fhéidir gurbh fhiú dúinn breathnú taobh amuigh de phobal na scoile agus ar do shráidbhaile nó do bhaile áitiúil féin.



# Constaicí agus Pointí Iontrála

Ag brath ar an bpobal nó ar an spás atá i gceist, tá tosca éagsúla ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomh héasca nó chomh deacair is a bheadh sé do dhuine óg a aireachtáil go raibh fáilte roimhe. Ní bhíonn cuid de na constaicí sin le feiceáil nó le tabhairt faoi deara láithreach, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar dhaoine óga thar a chéile, nó b'fhéidir nach é an tionchar céanna a bheadh acu orthu.

Tá samplaí de chonstaicí agus de phointí iontrála ar leith liostaithe thíos:

## Constaicí:

- **Nuair a bhaintear úsáid go rialta as teanga atá maslach do dhaoine LADTA+ ach nach bhfaightear aon locht ar an teanga sin is féidir leis timpeallacht a chruthú ina mothaíonn daoine LADTA+ agus a gcomhghuaillithe go bhfuil doicheall rompu.**
- **Nach gcuirtear na féiniúlachtaí LADTA+ i láthair agus nuair nach mbíonn siad chomh feiceálach agus ba cheart.**
- **Má coinnítear amach daoine LADTA+ nó má dhéantar ciapadh nó bulaíocht orthu d'fhéadfadh sé nach bhfillfeadh na daoine óga ar an spás sin.**

## Pointí Iontrála:

- **Tacaíocht fheiceálach do dhaoine LADTA+, ar nós bratacha, póstaeir agus greamáin.**
- **Grúpaí tacaíochta do dhaoine LADTA+ agus a gcomhghuaillithe a bheith ann agus tacaíocht a bheith ar fáil uathu.**
- **Imeachtaí agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe a bheith ann go sonrach do dhaoine LADTA+ agus a gcomhghuaillithe.**
- **Pobail agus cumainn ar líne do dhaoine óga LADTA+ agus a gcomhghuaillithe.**



# Bród a thabhairt isteach sa phobal

Nuair a thuigimid an tábhacht a bhaineann le daoine óga LADTA+ a bheith ag aireachtáil sábháilte agus ag aireachtáil go bhfuil tacaíocht acu i ngach spás ina mbíonn siad, chomh maith le cuid de na constaicí ar leith agus na pointí iontrála a bhaineann leis an bpobal, cén chaoi a bhféadfaí cabhrú le daoine óga céimeanna praiticiúla a ghlacadh chun é seo ar fad a chur i gcrích?

Is féidir linn é seo a bhriseadh síos i dtrí réimse a mbíonn baint ag ár ndaoine óga leo sa phobal, an bealach a bhféadfaidís tionchar a imirt agus na gníomhartha a theastaíonn taobh istigh de gach ceann de na réimsí sin:

## Do Phobal Scoile, Pobal Ógtheagmhála nó Pobal Seirbhíse Óige

Smaoinigh ar na daoine ar fad a chuimsíonn do phobal. D'fhéadfadh daltaí, daoine óga, múinteoirí agus oibrithe óige a bheith san áireamh anseo, ach freisin teaghlaigh na ndaoine óga, an fhoireann neamhtheagaisc, an Bord Bainistíochta agus mar sin de. Ba cheart go mbeadh an pobal ina spás atá fáilteach agus cuimsitheach do gach duine, taobh istigh agus taobh amuigh den fhoirgneamh.

Eagraíonn scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála an-lear imeachtaí do Sheachtain Feasachta Seas an Fód gach aon bhliain, idir cur i láthair agus comórtais ealaíne, díolacháin cácaí agus laethanta geansaí tuar ceatha. Baineann an fhoireann agus na daoine óga an-taitneamh astu seo! I mbliana, chomh maith le gníomhaíochtaí den chineál seo, b'fhéidir go bhféadfadh na daoine óga i do shuíomh maidin chaife a eagrú chun iarraidh ar gach ball den phobal (lena n-áirítear, mar shampla, tuismitheoirí agus caomhnóirí) teacht le chéile d'fhonn a dtacaíocht a léiriú don phobal LADTA+ agus níos mó a fhoghlaim faoi chuimsiú na ndaoine LADTA+.

### Gníomhartha Samplacha

- **Maidin chaife do thuismitheoirí, caomhnóirí agus baill den Bhord Bainistíochta.**
- **Ullmhaíonn na daltaí cur i láthair do Sheachtain Feasachta Seas an Fód agus cuireann siad i láthair Chumann na dTuismitheoirí agus an Bhoird Bainistíochta é.**
- **Tugtar cuireadh do phobal uile na scoile páirt a ghlacadh in ardú brataí Bród, nó i Lá Geansaí Tuar Ceatha.**

## Do shráidbhaile nó do bhaile áitiúil

Léiríonn go leor grúpaí pobail agus gnólachtaí a dtacaíocht don phobal LADTA+ gach bliain le linn Bhróid, trí bhratacha agus póstaeir a chrochadh. D'fhéadfadh go mbeadh na grúpaí agus na gnólachtaí céanna sin sásta páirt a ghlacadh i dtaispeántas speisialta tacaíochta le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Faigh amach cad iad na spásanna áitiúla is mó a gcaitheann na daoine óga atá i do shuíomh a gcuid ama iontu lasmuigh den scoil – ionad pobail, halla spóirt, siopa nó caifé. Scríobh chuig na húinéirí gnó nó na daoine atá ag rith na spásanna seo agus tabhair cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i do Sheachtain Feasachta Seas an Fód.

Smaoinigh freisin ar na grúpaí eile a bhféadfadh na daoine óga i do shuíomh a bheith páirteach iontu. I gcás clubanna spóirt, d'fhéadfá cuireadh a thabhairt d'imreoirí agus do chóitseálaithe an modúl ríomhfhoghlama de chuid Belong To, a mhaireann 45 nóiméad, 'Clubanna Spóirt atá Sábháilte agus Tacúil do dhaoine LADTA+', a dhéanamh, ionas gur féidir leo tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi le clubanna cuimsitheacha LADTA+ a chruthú.

### Sampla de na Gníomhartha

- **Cruthaigh póstaeir a thaispeánann uileghabhálacht LADTA+ agus iarr ar ghnólachtaí áitiúla iad a thaispeáint le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód.**
- **Fiafraigh de do halla spóirt áitiúil nó d'ionad pobail áitiúil an bhféadfá imeacht spóirt do Sheachtain Feasachta Seas an Fód a eagrú san ionad acu-san.**
- **Iarr ar fhoirne spóirt áitiúla lásaí tuar ceatha nó bandaí muinchille tuar ceatha a chaitheamh chun a dtacaíocht d'uileghabhálacht LADTA+ a léiriú agus meall iad le tabhairt faoi mhodúl ríomhfhoghlama Belong To faoin gcaoi le clubanna cuimsitheacha LADTA+ a bhunú.**

## **Do Chontae** (tá íomhá ar leith againn le dul leis an gcuid seo – féach an fillteán)

Chomh maith le bheith ag plé leis na daoine atá i gcomharsanacht na scoile, d'ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige, d'fhéadfadh na daoine óga i do shuíomh dul i dteagmháil le cinnteoirí i do Chomhairle Contae nó Cathrach. I mbliana tá dhá reifreann tar éis a bheith againn, chomh maith le toghcháin áitiúla agus toghcháin Eorpacha, agus beidh olltoghchán againn faoi thús na bliana seo chugainn. Fágann sin gur bliain iontach í 2024 chun cabhrú leis na daoine óga i do shuíomh tuilleadh a fhoghlaim faoi na próisis phoiblí agus na próisis dhaonlathacha. Cén cineál cinntí a bhfuil sé d'údarás ag ionadaithe áitiúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh cuidiú le daoine LADTA+ a bheith ionchuimsithe i do phobal áitiúil? B'fhéidir go mbeadh comhairleoir sásta teacht chuig do scoil nó do sheirbhís óige le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód chun a dtacaíocht a léiriú.

### Gníomhartha Samplacha

- **Cuidigh le daoine óga scríobh chuig do chomhairle áitiúil ag iarraidh orthu siúlbhealach tuar ceatha a phéinteáil in aice láimhe.**
- **Tabhair cuireadh d'ionadaí ón gcomhairle áitiúil cuairt a thabhairt ar do scoil, ar d'ionad Ógtheagmhála nó ar do sheirbhís óige chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht Sheachtain Feasachta Seas an Fód agus bualadh le grúpa daltaí, ar nós do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe.**
- **Iarr ar d'ionadaithe áitiúla gealltanas a thabhairt go dtacóidh siad leis an bpobal LADTA+ agus go nglacfaidh siad seasamh i gcoinne ghníomhartha frith-LADTA+ fad agus a bheidh siad in oifig.**





## Nua in 2024:

# Gradaim Sheachtain Feasachta Seas an Fód!

d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí spreagúla éagsúla a imreoidh tionchar i scoileanna, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí óige ar fud na tíre.

Tá Gradaim Sheachtain Feasachta Seas an Fód dírithe ar aitheantas agus onóir a thabhairt do na hiarrachtaí ab fhearr ó thaobh feiceálacht, poiblíocht agus oideachas mar a bhain le LADTA+ le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód.

Tá sé mar aidhm ag catagóirí na ngradam aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a dhéanann daoine aonair agus grúpaí mar a bhaineann le timpeallacht atá tacúil agus cuimsitheach a chothú do dhaoine óga.

## An Chaoi le bheith Páirteach

**Ainmniúcháin a chur isteach:**
Ainmniúcháin a chur isteach: Is féidir ainmniúcháin a chur isteach ar leathanach oifigiúil na nGradam do Sheachtain Feasachta Seas an Fód ar an suíomh gréasáin Belong To. Tá treoracha mionsonraithe agus foirmeacha ainmniúcháin ar fáil ar líne ag **www.belongto.org/standup**

**Searmanas Bronnta:**
Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas ardphróifíle ar líne i mí na Nollag 2024.



## Catagóirí na nGradam

- **Gradam Tionchair Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt do chláir gníomhaíochtaí Sheachtain Feasachta Seas an Fód a imríonn tionchar agus atá dea-eagraithe agus a chomhlíonann cuspóirí Sheachtain Feasachta Seas an Fód.
- **Gradam Théama Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt do léamh cruthaitheach a bheith bainte as an téama do Sheachtain Feasachta Seas an Fód 2024, 'An Fód a Sheasamh inár bPobail'.
- **Gradam Feiceálachta Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí cur le feiceálacht agus ionadaíocht na bhféiniúlachtaí LADTA+ i bpobal na scoile le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód.
- **Gradam Léirithe Cruthaitheachta Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt do na healaíona, an ceol, an scríbhneoireacht nó gnéithe cruthaitheacha eile a bheith úsáidte ar bhealach a d'imir tionchar do Sheachtain Feasachta Seas an Fód.
- **Gradam Grianghrafadóireachta Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt do na grianghraif is mó tionchair a glacadh de ghníomhaíochtaí Sheachtain Feasachta Seas an Fód.
- **Gradam Rannpháirtíochta na nÓg Sheachtain Feasachta Seas an Fód** – Aitheantas a thabhairt do leibhéil arda rannpháirtíochta na ndaoine óga mar a bhain le pleanáil agus reáchtáil Sheachtain Feasachta Seas an Fód.



# 03 Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha



## Gníomhaíochtaí do Sheachtain Feasachta ‘Seas an Fód’

An bhfuil inspioráid uait do Sheachtain Feasachta ‘Seas an Fód’? Breathnaigh ar chuid dár smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí thíos agus feicfidh cuid de na himeachtaí iontacha a bhí ar siúl i scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála ar fud na hÉireann anuraidh!

### Siúlbhealach Tuar Ceatha

Tá go leor bailte agus cathracha ar fud na hÉireann tar éis siúlbhealaí iontacha tuar ceatha a phéinteáil chun an pobal LADTA+ a cheiliúradh. Léiríonn na siúlbhealaí seo go bhfuil meas ar dhaoine LADTA+ sa phobal sin agus go bhfuiltear á gceiliúradh. An bhfuil áit éigin ar do thailte nó i d’fhoirgneamh féin ina bhféadfadh sibh siúlbhealach tuar ceatha de bhur gcuid féin a chruthú? Cruthaigh an siúlbhealach le péint nó cailc ag an ngeata ar an mbealach isteach, nó maisigh pasáiste, halla nó doras tosaigh le dathanna an tuar ceatha chun a thaispeáint go bhfuil do scoil, d’ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige ag cur daoine LADTA+ san áireamh.

### Seol do Chlub LADTA+ agus na gComhpháirtithe

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód chun do Chlub GSA nó LADTA+ agus na gComhpháirtithe a sheoladh, nó chun daoine óga a chur ar an eolas faoi na pleananna atá agat ceann a bhunú. B’fhiú tionól scoile a eagrú le go labhródh baill foirne agus daoine óga faoin gclub, faoina mbíonn ar siúl agaibh, agus an chaoi le bheith páirteach ann ionas go mbeadh an t-eolas á scaipeadh ar dhaoine a d’fhéadfadh a bheith neirbhíseach faoin eolas seo a iarraidh iad féin. An bhfuil Club GSA nó Club LADTA+ agus na gComhpháirtithe bunaithe cheana féin? Deis iontach atá i Seachtain Feasachta Seas an Fód leis an sár-obair atá déanta go dtí seo a roinnt leis an bhfoireann agus leis na daoine óga! Foghlaim tuilleadh ar ár suíomh gréasáin faoi Chlub GSA nó Club LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú.

### Ceangail leis an gCuraclam

Nuair a bhíonn féiniúlachtaí agus eispéiris na ndaoine LADTA+ curtha san áireamh sa churaclam cabhraíonn sé go mór le cuimsiú na ndaoine LADTA+ a chur chun cinn ó cheann ceann na bliana. Is féidir saothair le daoine óga a bhaineann le téamaí LADTA+ a thaispeáint i do leabharlann, sa halla nó ar an mbealach isteach. Tá moltaí le fáil inár n-acmhainní curaclaim don tSraith Shóisearach maidir le bealaí chun daoine LADTA+ a chuimsiú in ábhair éagsúla, amhail Eolaíocht, Mata, Stair agus Tíreolaíocht.

### Óstáil léiriú Scannán LADTA +

Tá ríméad ar Belong To dul i gcomhpháirtíocht arís le hInstitiúid Scannán na hÉireann (IFI), Baile Átha Cliath líon teoranta scannán LADTA+ a thairiscint saor in aisce do scoileanna atá páirteach. Seiceáil ár leathanach **www.belongto.org/standup** i mí na Samhna chun gur féidir leat teacht ar an scannán agus é a chur san áireamh sna phleananna atá agat le haghaidh do Sheachtain Feasachta ‘Seas an Fód’.

### Eagraigh d’imeacht *Spill the Tea* féin

Cuir síos an citeal agus tabhair tacaíocht do dhaoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann inniu! Bailigí le chéile maidin éigin chun roinnt airgid atá ríthábhachtach a bhailiú ar son Belong To – LADTA+ Youth Ireland. Bíodh díolachán cistí agaibh, nó má tá sprid na hiomaíochta ionat, cén fáth nach n-eagrófá do chomórtas bácála féin? Má eagraíonn tú ócáid Spill the Tea deis iontach a bheidh ann teagmháil a dhéanamh le gach duine i bpobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, siblíní, baill de do Bhord Bainistíochta agus daoine nach iad. Is féidir úsáid a bhaint as an ócáid chun an tábhacht a bhaineann le comhghuaillíocht a roinnt ach thar aon rud eile le spraoi a bheith agaibh agus sibh, ag an am céanna, ag tacú lenár seirbhísí tarrthála ag Belong To. Tabhair cuairt ar ár mol ar líne chun do phacáiste bailithe airgid Spill the Tea a fháil ionas go mbeidh gach rud a theastóidh uait agat le haghaidh imeacht iontach.



## Tiomsú Airgid

Oibríonn Belong To chun Éire a chruthú ina mbeidh comhionannas ag gach duine óg LADTA+ agus ina mbeidh siad sábháilte agus faoi bhláth. Chuige seo úsáideann muid ár dtacaíochtaí túslíne agus ár ngrúpaí óige, chomh maith le hoiliúint agus abhcóideacht. Tá go leor bealaí ann chun tacú lenár seirbhísí le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód, ar nós iarraidh ar na daltaí €2 a thabhairt isteach le haghaidh Lá na nGeansaí Tuar Ceatha, crannchur tuar ceatha a eagrú, nó díolachán cácaí ar an téama LADTA+ a reáchtáil. Más mian leat an pacáiste faoi thiomsú airgid a fháil, déan teagmháil le Chris (sé/é) ónár bhFoireann Tiomsaithe Airgid: fundraising@belongto.org / 01 670 6223.

## Léigh an Tuar Ceatha

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód chun rannóg leabharlainne LADTA+ nua nó nuashonraithe a sheoladh i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige. Mar chuid de na Seacht gCéim chun an Fód a Sheasamh, d'fhéadfaí daoine óga a thabhairt ar bord in 'Céim 4: Am Pleanála' agus iarraidh orthu moltaí a dhéanamh maidir le húrscéalta LADTA+ ar bhain siad taitneamh astu nó ar mhaith leo a léamh. Is áit iontach eile chun inspioráid a fháil é an liosta 'Rainbow Reads', atá curtha le chéile ag Leabhair Pháistí Éireann agus An Post. Déanann an liosta réimse leathan leabhar LADTA+ a chur i gcatagóirí de réir aoisghrúpa, agus tá sé ar fáil ónár mol oideachais ar líne ➔.

## Lá Geansaí Tuar Ceatha

Cruthaigh bratach tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh ar a bhfuil dathanna na brataí tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra do Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha a eagraíonn Belong To. Ná déan dearmad roinnt grianghraf a ghlacadh agus iad a roinnt linn!

## Clár Fógraí Bród

Roghnaigh clár fógraí tiomnaithe, clár bán nó balla chun teachtaireachtaí uileghabhálacha maidir le LADTA+ a thaispeáint ó cheann ceann na bliana. D'fhéadfadh eolas a bheith ann faoi do ghrúpa óige LADTA+ áitiúil, sonraí teagmhála do sheirbhísí tacaíochta LADTA+ ar nós Belong To, agus ainmneacha na mball foirne atá i gceannas ar fholláine, treoir agus uileghabhálacht LADTA+. Le linn Sheachtain Feasachta 'Seas an Fód', tabhair cuireadh do na comhpháirtithe a n-ainmneacha a shíniú ar an gclár fógraí Bród nó iarr orthu teachtaireachtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhágáil don phobal LADTA+.





# References


1. Higgins, A.; Downes, C;. O'Sullivan. K.; de Vries, J.; Molloy, R.; Monahan, M.; Keogh, B.; Doyle, L.; Begley, T.; & Corcoran, P. (2024) *Being LADTAI+ in Ireland: The National Study on the Mental Health and Wellbeing of the LADTAI+ Communities in Ireland.* Baile Átha Cliath: Belong To. Ar fáil anseo.
2. An Roinn Oideachais (2023) *Cineáltas: Action Plan on Bullying Implementation Plan 2023-2027.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.
3. An Roinn Oideachais (2016) *Being LGBT in School.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus GLEN. Ar fáil anseo.
4. Pizmony-Levy, O. (2022) *The 2022 Irish National School Climate Survey Report.* Tuarascáil Taighde. Global Observatory of LADTA+ Education and Advocacy. Nua-Eabhrac: Teachers College, Columbia University. Ar fáil anseo.
5. National Council for Curriculum and Assessment (2019) *Report on the Review of Relationships and Sexuality Education (RSE) in primary and post-primary schools.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil anseo.
6. An Roinn Oideachais (2024) *Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools.* Baile Átha Cliath: Department of Education. Ar fáil anseo.
7. An Roinn Oideachais (2024) *Bí Cineálta Acmhainní do Bhunscoileanna, d'Iar-Bhunscoileanna agus do Thuismitheoirí.* Ar fáil anseo.
8. Dooley, B.; O'Connor, C.; Fitzgerald, A.; & O'Reilly, A. (2020) *My World Survey 2: National Study of Youth Mental Health in Ireland.* Baile Átha Cliath: Jigsaw agus Scoil na Síceolaíochta UCD. Ar fáil anseo.
9. Tusla (2019) *Child and Youth Participation Strategy 2019-2023.* Baile Átha Cliath: Tusla Child and Family Agency. Ar fáil anseo.
10. UNICEF 2017
11. Forde, C.; Horgan, D.; Dr, S. M.; & Parkes, A. (2017) *Children and young people's participation in the community in Ireland: experiences and issues.* Irish Journal of Applied Social Studies, 17(1), 2. Ar fáil anseo.
12. Mannix-McNamara, P.; O'Grady, E.; Devaney, E.; & Jourdan, D. (2012) *Tackling social and health inequalities: vulnerability among the young lesbian, gay and bisexual population in Ireland.* Psychology & Sexuality, 4(3), 268–282. Ar fáil anseo.

Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

**Is eagraíocht náisiúnta é Belong To a thacaíonn leis an óige LADTA+.**

Ó 2003 i leith, d'oibríomar le daoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann ionas go mbeidh siad sábháilte agus go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh trínár seirbhísí. Inis do do chuid daltaí agus do ghrúpaí óige faoi Belong To agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear grúpaí óige LADTA+, comhairleoireacht ghéarchéime le Pieta agus seirbhísí tacaíochta digiteacha.

I gcás oideachasóirí, cuirimid oiliúint, tacaíocht agus tionscnaimh ar líne ar fáil amhail Dearbhú Cáilíochta LADTA+. I gcás oibrithe leis an óige, tugaimid tacaíocht don Líonra Náisiúnta de ghrúpaí óige LADTA+ agus reáchtálaimid an Rainbow Award – clár creidiúnaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht a thacaíonn le cur chuige uile-eagraíochta mar a bhaineann le seirbhísí atá sábháilte agus tacúil a chur ar fáil do dhaoine óga LADTA+.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.belongto.org**